An Chéadaoin: Bíonn na Seantuismitheoirí mar aghaidh thrócaireach Dé

Gach Rang

Is bronntanas ar leith inár saol iad na seantuismitheoirí. Is minic gur aghaidh ghrámhar Dé agus léiriú ar a chuid trócaire iad. Is féidir linn scéal a mbeatha a léamh ar a gcuid aghaidheanna.

Is féidir le rang ar bith bheith páirteach sa ghníomhaíocht seo, iad ag obair ar leibhéil éagsúla. Roghnaigh an obair a bheadh oiriúnach dod' rang féin.

- Déan pictiúr de sheantuismitheoir nó de shinseantuismitheoir ag baint úsáide as an teimpléad ar an gcéad leathanach eile. Scríobh an t-ainm ar an líne bhriste faoin bpictiúr.
- Pléigh na focail a bheadh oiriúnach le cur síos a dhéanamh ar na daoine sin, dar leis na leanaí. Scríobh síos na focail agus maisigh na pictiúir leo.
- Mar mhalairt ar an obair sin, d'fhéadfadh na páistí grianghraif a thabhairt isteach agus colláis a chruthú, a bheadh maisithe leis na focail a chuireann síos ar sheantuismitheoirí mar aghaidh Dé agus mar léiriú ar an trócaire gan teorainn a dháileann sé.
- Déan cárta nó ga leabhar le bronnadh ar na seantuismitheoirí, agus bain úsáid as na focail: 'Go Raibh Maith Agaibh as ucht a bheith mar aghaidh thrócaireach Dé i mo leith'.
- Scríobh dán acrastach faoi na seantuismitheoirí ag tosú leis an bhfocal TRÓCAIRE.
- Iarr ar na daltaí agallamh a chur ar na seantuismitheoirí, ceistigh iad mar gheall ar an tuiscint atá acu maidir le trócaire Dé, nó na huaireanta inar mhothaigh siad cumhacht trócaire Dé ina saol. Déan na hagallaimh a thaifead, agus bain úsáid astu mar chuid den tseirbhís urnaí ar Lá na Seantuismitheoirí.

MO SHEANTUISMITHEOIR



_ _



BUÍOCHAS Ó CHROÍ



BUÍOCHAS Ó CHROÍ

T _

R _

Ó _

C _

A _

I _

R _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

E _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

Déan cur síos ar an agallamh leis na seantuismitheoirí anseo: